

<b>Ainm an Tionscadail</b>	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
<b>Buntaifeadadh</b>	T44
<b>Ainm an Agalláí</b>	Feargal Ó Duibhir
<b>Ainm an Agallóra</b>	Dónall Dinny Ó Gallachóir
<b>Dáta an Agallaimh</b>	1/7/2006
<b>Suíomh an Agallaimh</b>	An Luinnigh, Doirí Beaga
<b>Ainm an Tras-scríbhneora</b>	Anna Ní Pheanróis
<b>Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.</b>	

(gáire)

(sos)

(--)

**Tosach lochtach**

` \_\_\_\_\_ '

**Focal dothuigthe**

` \_\_\_\_\_ +'

**Níos mó ná focal amháin dothuigthe**

....

**Beirt ag caint ag an am amháin**

[ ]

**Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** *So, b'as istigh Inis Meáin do mháthairse a Feargal?*

**FEARGAL:** *Ó, sea, bean de chuid Inis Meáin.*

**DÓNALL:** *Sea.*

**FEARGAL:** *Agus istigh ansin a tógadh m'athair. Tá talamh istigh ansin go fóill againn.*

**DÓNALL:** *Mmm, hmm.*

**FEARGAL:** *Tá. Agus, eh, thioctadh léir mór acu amach sa Gheimhreadh but d'iarrfadh Sally Hudaí ormsa fanacht istigh, gan mé a ghabháil amach ar chóir ar bith. So chuaigh muid ar scoil istigh ansin ag Hudaí agus Joe, as Gola é. Tá cuimhne agam é a bheith ag géilleadh, bhí TB ná rud inteacht air agus bhí fear ansin a raibh Danny air. Tá sé pósta ar Shíle Dhomhnaill, bhí sé ina chónaí amach fan Tearmann, fuair sé bás ansin dá. Tá cuid den teaghlach ag éirí aníos anois, Owenie Mc Bride sin.*

**DÓNALL:** *Ó, sea, sea.*

**FEARGAL:** Bíonn siad ag scairteadh amach an *bhingo*, an dream sin. Síle Dhomhnaill as an bhaile mhór.

**DÓNALL:** Ach bhí saol eile ar fad istigh ar an oileán a Feargal.

**FEARGAL:** Ó, bhí na tithe uilig i gceann a chéile. Bhí teach istigh ansin acu a raibh *Slicí Ned* air, mac, as Bun an Leaca an t-athair. Agus *eh*, fear de na Greenes amach síos Machaire Loisc a mháthair. Agus ansin, *eh*, níl ann aige ach é féin i m'amsa agus na fir uilig istigh ansin ag áirneáin, imirt chardaí corr uair, bhí siad istigh go mbeadh sé an haon a chlog ar maidin. Agus ní bheadh a dhath ó seo go hifreann nach mbeadh a fhios acu. (Gáire)

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** Caidé a bhí ag gabháil amuigh ar tír mór, thioctadh an *ferry* amach agus bheadh neart *newstaí* go díreach, á ní (ar ndóigh), tá níos mó *newstaí* ná atá againn agus muid amuigh anseo i rith ár saoil (gáire).

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** Ó bhí siad iontach *noseyailte*, rachadh, dá mbeadh duine ar bith amuigh agus iad a ghabháil isteach le currach, thioctadh siad anuas, *right away*, ag cuartú *news*.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** "Bhfuil a dhath ag gabháil amuigh ar tír", a déarfadh siad. Bhí.

**DÓNALL:** *But* bhí saol maith istigh ar an oileán, a Feargal.

**FEARGAL:** Ó bhí saol breá ann. Bhi neart airgid ann an t-am sin.

**DÓNALL:** Sea. *But* ní raibh caitheamh, ní raibh caitheamh ar bith ann.

**FEARGAL:** Ó, caitheamh beagán. Dhath ar bith ach an méid a chaithfeadh siad a chaitheamh. Bhí *eh*, bheadh na mná amuigh ag baint creathnaí i rith an tSamhraidh agus na fir amuigh ag iascaireacht. Iasc tirim??? acu agus ag iascaireacht potaí agus gliomach agus ansin bhí na, na bradáin ann agus ansin fá Shamhain bheadh siad amach soir fá na Dúnaibh, cé acu iascaireacht, scadán, na mná ag baint na bpréataí agus na páistí. Bheadh an deireadh bainte nuair a thiocfadh siad anoir. (Gáire)

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** Bhí am breá falsa acu.

**DÓNALL:** Ó bhí dúil agat istigh ar an oileán?

**FEARGAL:** Ó bhí, cha n-iarrfá a theacht amach.

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** Ansin nuair a thiocfá amach, ní iarrfá a ghabháil isteach.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**FEARGAL:** Sin an dóigh a raibh sé.

**DÓNALL:** Agus inis, inis domh, d'íosfadh sibh, bheadh an dinnéar i dtrátha an haon, an mbeadh nach?

**FEARGAL:** Bheadh an dinnéar ar an dó dhéag acu, sin an sean dóigh, bhí sé ag achan duine, an dóigh sin. An t-am sin agus ansin sa Gheimhreadh ba mhó, préataí, bheadh préataí tráthnóna acu ar an seacht a chlog, dinnéar tráthnóna, bhí préataí millteanach, bhí siad chomh fada sin, préataí fada a bhéarfadh siad orthu.

**DÓNALL:** Sea. Sa ghaineamh is.

**FEARGAL:** Ó sea, is bhí domasach fosta ann.

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** An dá chuid ann mar a déarfá. Sea. Faoin bhaile bhí níos mó gainimh ann ceart go leor. Agus ansin *eh*, tá mé ag deanamh nár cheart daofa a bheith ag fás ar chor ar bith, go bhfuil siad *barráilte* ag cuid de na, lucht an bhoird roimh seo. *But*, oró, bhí scoith na bpréataí ann. Ba ghnách le léir acu thabhairt amach go tír mór fosta, an t-am sin. Rudaí móra fada agus iad go tirim agus rachadh, níl a fhios caidé a rachadh amú acu.

**DÓNALL:** Rachadh?

**FEARGAL:** Céadtaí méachan.

**DÓNALL:** Chaití amach leis na beanna iad.

**FEARGAL:** Ó, chaití siad, go dtí go léadh siad ar shiúl go díreach. Níl a fhios agam c'áit a gcuirfeadh siad iad. Isteach....

**DÓNALL:** ....Bheadh, bheadh....

**FEARGAL:** Isteach sa charn aolaigh tá mise ag déanamh a rachadh siad sa deireadh.

**DÓNALL:** Ó, *gee*.

**FEARGAL:** Bheadh poill mhóra....

**DÓNALL:** ....Bheadh, bheadh béile préataí dhá uair sa lá a dúirt tú.

**FEARGAL:** Bheadh sa Gheimhreadh, bheadh. Bheadh agus iasc. Cha raibh a dhath eile fá na choinne ach an t-iasc. Bhuel bheadh léir iasc tirim acu fosta. Le cois na. Le cois b'fhéidir giotaí feola agus giotaí muiceola *but* ní bheadh sin mór, an bhfuil a fhios agat. An áit a bheadh iasc tirim acu agus bheadh, bheadh scadáin acu agus b'fhéidir go mbeadh trí ná cheithre chéadtaí scoilte, *eh*, sa bhairille acu i rith an Gheimhridh, istigh sa '\_\_\_\_\_'.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam, sea.

**FEARGAL:** *Aye*. Ó, bhí scoith *feedal* acu. Ní raibh ganntanas ar bith orthu agus ansin an mhéid a cheannódh siad i rith an tSamhraidh, bheadh na cearca amuigh taobh amuigh den bhaile acu, amach as an bharr.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Ná níl a fhios caidé na uibheacha a dhíolfadh siad bhuel, ní thabharfadh siad airgead ar bith na bhaile, cheannódh siad tae agus siúcra fá choinne an Gheimhridh agus rudaí mar seo. Málaí plúir agus rudaí fá choinne an eallach b'fhéidir, coirce ná leithéid sin.

**DÓNALL:** Cé, cé a bhí ag gabháil isteach, an bé Micí an *Chope* a bhí ag gabháil isteach?

**FEARGAL:** Micí an *Chope* agus *Joe ac Friel*, rachadh siad isteach ann.

**DÓNALL:** Sin an siopa.

**FEARGAL:** Sea. Lá sa tseachtain a rachadh siad isteach i m'amsa. Bhí a gcuid custaiméirí féin ag Micí agus bhí a chuid féin ag Joe. Agus ansin ba ghnách le muintir thart siar a dtabhairt isteach *but* tá mé ag déanamh gur ghnách leo a ghabháil síos go Port Arthur ansin. Bhéarfadh duine inteacht isteach iad. Bád inteacht de chuid Inis Meáin isteach ia, tá mé ag déanamh. Ag deireadh am, i

ndiaidh m'amsa mar a déarfá. Bhí. Ó bhí scoith dóigh orthu, ní raibh ganntanas ar bith orthu.

**DÓNALL:** Dhíolfadh na mná ansin, creidim, léir duileasc agus *stuff*.

**FEARGAL:** Ó dhíolfadh, sin an áit a raibh siad ag tabhairt isteach a gcuid *stuff* i rith an tSamhraidh.

**DÓNALL:** Agus dhíolfadh siad na uibheacha leo?

**FEARGAL:** Na uibheacha agus an chreathnach.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Bhí neart creathnaigh istigh ar Inis Meáin, furast a thriomadh. Bhí neart creigeacha ar na beanna móra, nuair a chur tú síos ansin iad, bheadh siad ag craiceáil tráthnóna.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Ansin bhainfeadh siad léir *beardie*, dhíolfadh siad seo uilig. Bhí Joe, gheofá '\_\_\_\_\_' a raibh neart airgid an lá a rachadh sé isteach fosta ag ceannach an chreathnaigh agus an, agus *beardie* agus iasc tirim. Dhéanfadh sé neart airgid ar na rudaí sin amuigh ar an tír mór, an bhfuil a fhios agat.

\*\*\*\*\*

**FEARGAL:** Tá cuimhne agam muid thíos ag baint muiríní. Chan muiríneach a bhí ann ach na rútaí.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Na muiríní.

**DÓNALL:** Thíos sa Dubhaidh.

**FEARGAL:** Thíos sa Dubhaidh. Bhí. Thall i Machaire Gathlan, amach anonn os coinne pháirc an *football*, bhí séibean millteanach ag teacht amach aniar ansin.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam, sea.

**FEARGAL:** B'fhéidir, go bhfeicfeá cuid de na *paling stabs* ansin go fóill.

**DÓNALL:** Tá siad ann.

**FEARGAL:** Rudaí *concrete*.

**DÓNALL:** Tá corr cheann ann, tá a fhios agam iad.

**FEARGAL:** Tá. Ó bhí siad, bhí séibean millteanach, thioctadh sé amach aniar ansin. Bhí siad thíos i pháirc an *football*, chorr a bheith. Amach aniar go maith agus. Tá mé ag déanamh gur *leveláil* siad léir, cuid de thart agus ansin thug siad, thug siad an mhuiríneach siar as an Luinnigh. Bhí siad an oiread seo foinsí ná cibé an dóigh a raibh sé. Sé Doiminic 'ac Feeley thíos ar an Luinnigh a bhí ag amharc ina dhiaidh agus d'íarr sé ar m'athair tosach agus cuid díthe a bhaint, thíos sa Dubhaidh na Luinnigh mar a deirfeá.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Cuimhne muid ag gabháil dá sin tamall.

**DÓNALL:** Bhain sibh na rútaí.

**FEARGAL:** Na rútaí agus fa, fa. Ó d'fhan siad, d'fhás siad uaidh, níl séibean ar bith ansin ó shin.

**DÓNALL:** *No*, rinne sé jab maith.

**FEARGAL:** Rinne, ó *Jaysus*, rinne.

**DÓNALL:** An ghaoth ag séideadh an ghainimh.

**FEARGAL:** Bhí, oró, bhí, amach aniar ansin go dtí páirc an *football* nó chóir baile air.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Bhí cineál de mhullaigh ansin, bhí sé anuas, chífeá sa gheimh, sa Gheimhreadh é, dá mbeifeá thíos, é, chruinniú mar a deirfeá.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**FEARGAL:** *Aye. But* stop sin é.

**DÓNALL:** Stop sé cinnte é.

**FEARGAL:** `\_\_\_\_\_` an mhuiríneach a fhás a bhfuil a fhios agat.

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Inis seo domh, cailleadh uncail duit féin fosta, nár cailleadh?

**FEARGAL:** Cailleadh thoir i mbáigh Bhun an Leaca, amuigh ag iascaireacht, ag iascaireacht potaí, ag iascaireacht gliomach a bhí siad.

**DÓNALL:** Sea.



**FEARGAL:** É féin agus fear a raibh Muiris, níl a fhios agam an bé, c'ainm, Mánas a bhí air, Mánas Eoghain. Chan ea, Mánas Hudaí, mac Hudaí, Hudaí Mhuiris a bhí ann, *Colls* a bhí orthu. Agus *eh*.

**DÓNALL:** Agus c'ainm a bhí ar d'uncaíl?

**FEARGAL:** Feargal.

**DÓNALL:** Feargal.

**FEARGAL:** Sin an tuighe a dtug siad Feargal ormsa, creidim.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Agus ansin, *eh*, deir siad go dtiocfaidh iad a shábháil, bhí siad go *closáilte* den fharraige, thoir i mBun an Inbhir ná soir ansin, bá Bhun an leaca agus se an nóisean a bhi acu an t-am sin dá sábhálfá duine inteacht go mbáfaidh duine de do dhream féin, an bhfuil a fhios agat.

**DÓNALL:** *Jesus*, bhí siad pisreogach.

**FEARGAL:** *Aye*, pisreogaí, oró, chuid is fearr acu.

**DÓNALL:** Agus gan iad i bhfad amach ar chor ar bith.

**FEARGAL:** Ní raibh.

**DÓNALL:** Sa bháigh.

**FEARGAL:** Bhuel, istigh fríd na clocha a bhfuil na, a bhfuil na potaí curtha acu bhfuil a fhios agat. Ní bheadh siad amuigh ar an ghaineamh nach a dhath.

**DÓNALL:** Agus caidé a tharla daofa, bhfuil a fhios agat, nuair a chuaigh siad mar seo, caithfidh sé nach raibh an snámh acu ach oiread, a raibh, ná?

**FEARGAL:** Ára, bhí siad ag déanamh go raibh braon ólta acu *but* b'fhéidir nach raibh ach oiread. Rachfá amach agus b'fhéidir buataisí móra ort, bhéarfadh sé amach síos tú.

**DÓNALL:** Sea, líonfadh siad suas.

**FEARGAL:** Líonfadh siad suas, tá tú '\_\_\_\_\_'. B'fhéidir go rachfá faoi fhostú (i bhfostú) fríd na rópaí daofa, b'fhéidir go raibh an oiread seo istigh ná an oiread seo ag gabháil amach.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Thiocfadh leis an rópa tú a thabhairt amach ach oiread.

**DÓNALL:** Agus an raibh tusa ar an oileán ag am sin nuair a....?

**FEARGAL:** Ó, ní raibh.

**DÓNALL:** *No*, i bhfad roimhe sin.

**FEARGAL:** Ó, mhothóinn mo mháthair ag caint air, 1912, dúirt sí a bád é.

**DÓNALL:** Á, *gee*.

**FEARGAL:** Bhí sé cailte sé seachtainí, tháinig an corp isteach daoine '\_\_\_\_\_' taobh thiar domh.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** *Aye.* Agus ansin, ó sin na sean nóisin a bhí ag gabháil fad ó shin.

**DÓNALL:** Bhí siad pisreogach, nach raibh?

**FEARGAL:** Bhí, ó bhí.

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Inis seo domh anois, arís. Tiocfaidh muid ar ais go dtí, i ndiaidh, i ndiaidh a bheith ar an Lagán, phill tú na bhaile a dúirt tú agus bhí sibh ag baint na muiríní is.

**FEARGAL:** Bhí.

**DÓNALL:** Caidé a rinne tú ansin ina dhiaidh sin?

**FEARGAL:** Ó.

**DÓNALL:** Chuir tú isteach an geimhreadh mar sin, is dóiche?

**FEARGAL:** Chuir muid thart an geimhreadh, bhí damhsa thoir i Machaire, i nDoire Beaga, sé pingine a bhí sé. Céilithe a bheadh ann ón naoi go dtí an dó dhéag. Bheadh oíche Dhomhnaigh, sin dá mbeadh de *tear* againn go díreach, ní raibh a dhath eile ag gabháil. (Gáire) Sé pingine a bhí sé. Bhí sin chomh doiligh a fháil le....

**DÓNALL:** *Jees*, bheadh sé doiligh a fháil, bhfuil a fhios agat, an t-am nach raibh airgead ar bith ann.

**FEARGAL:** Fiche punt anois. Ná ní raibh, dóigh ar bith le é a fháil, cúpla. Bhí mé ar an *dole* bliain amháin. Ó níl mé ag rá go raibh mé aois an *dole* an t-am sin *but* ceithre scillinge a bhí mé a fháil ar scor ar bith. Ansin bhí mé sa bhaile bliain eile

agus bhí mé ag fáil aon scilling déag, sin an bhfuair mise dá *dole* anseo am ar bith. Bhí mé ar shiúl an chuid eile mhaith de mo shaol. Bhí.

**DÓNALL:** *So c'úair ansin rinne tú amach go, chaith tú tamall fan bhaile agus creidim gur éirigh tú tinn?*

**FEARGAL:** *Ó bhuel, ní thiocfadh, bhí achan duine ag imeacht sa tsamhradh.*

**DÓNALL:** *Sea.*

**FEARGAL:** *Ansin bhí muid thíos in Ayrshire ag toghadh phréataí tamall, iad na tattyhokers.*

**DÓNALL:** *C'úair a d'imigh tú go hAlbain a F..., rinne tú amach ansin?*

**FEARGAL:** *42 a bhí ansin.*

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** *Am inteacht in June, fichiú lá de June agus bhí mé ar shiúl thart ar traidhfil feirmeacha ansin agus. Ansin.*

**DÓNALL:** *Cé a bhí in do chuideachta, ar dheachaigh cúpla lad as an Luinnigh leat ná?*

**FEARGAL:** *Ní raibh aon duine as an Luinnigh ann.*

**DÓNALL:** *No.*

**FEARGAL:** *Ní raibh duine ar bith. Bhí traidhfil as Cnoc, Patrick Joe '\_\_\_\_\_' agus squad acu ann.*

**DÓNALL:** *Sea.*

**FEARGAL:** Agus deartháir Mháire Mhór, Mánas a bhí air agus léir de mhuintir Rann na Feirste ann agus traidhfil as Dobhair, *Kitty Eoghain* Dhiarmaid agus *squad* acu. Hannah d'Eoghainí agus óra, bhí *squad* mná ann. Toghadh phréataí, muidinne ag baint agus iadsan ag toghadh. Baint le *grape*. Bhí muid amuigh ar an trí a chlog ar maidin, ceithre a chlog.

**DÓNALL:** *Jesus*.

**FEARGAL:** Bhí siad fá choinne na préataí, bhí na *lorries*, fá choinne iad a fháil istigh, teach na mhargaidh ar maidin.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Isteach go Glaschú a bhí siad ag teacht.

**DÓNALL:** Agus cén feirm a raibh tú air arís ansin, seo ...?

**FEARGAL:** Ó tá se thíos ansin, chífidh tú, taobh amuigh de *Ghirvan, Ardwell Farm*.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Ansin bhí muid amuigh ansin ag *Ardross* ansin, bhí, i *Mountford* a bhí muid agus óra, bhí muid ar léir mór feirmeacha. D'imigh muid amach suas go *Perthshire* ansin sa gheimhreadh.

**DÓNALL:** *So* sin rud a dtabharfá, chruinneodh sibh *squad*, nach bé?

**FEARGAL:** Sea, *squadanna*, na *squads* a bhéarfadh siad orthu.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** *Aye.* Óra, bhí an áit lán acu an t-am sin, fá choinne na préataí a bhaint.

**DÓNALL:** Agus an raibh tusa ar an *ghrape* a Feargal, ariamh?

**FEARGAL:** Bhí, ó bhí.

**DÓNALL:** Bhí.

**FEARGAL:** Bhí leoga. Chaith mé an samhradh uirthi.

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** Agus ansin sa gheimhreadh, d'ímigh muid amach suas go *Perth*. Bhí, bhí siad ag piocadh na bpréataí, ag toghadh na bpréataí, ag baint na mhuintir mhóra amach astu.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**FEARGAL:** Fá choinne, fá choinne *chips* agus choinneodh siad na mhuintir lár báire ansin na rudaí go measartha.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Fá choinne pór.

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** Dhéanadh siad ar shiúl leis an chuid eile ansin, an méid a bheadh fágtha acu.

**DÓNALL:** Agus inis domh anois, *Jesus* bheifeá i do shuí luath ar an trí a chlog, nach mbeadh?

**FEARGAL:** Ó sin an t-am a chuireadh siad amach iad. Bheifeá réidh ar an dó a chlog tráthnóna b'fhéidir.

**DÓNALL:** Ach bheadh se dubh dorcha ag gabháil amach duit?

**FEARGAL:** Ó bhí se dorcha cinnte. I lár an tsamhraidh a bhí sin fosta.

**DÓNALL:** Á, bhuel creidim sa tsamhradh nach mbeadh sé chomh olc

**FEARGAL:** Ó ní raibh sé dorcha amach *but* bhí sé.

**DÓNALL:** *Yeah.*

**FEARGAL:** Dorcha go leor fá choinne a ghabháil amach ag obair. Lá sin den bhliain. Bhí. Órú, cineál de *life* garbh a bhí ann, ar shiúl leat, feirm go feirm *but* bhí muid óg an t-am sin, níor shíl muid a dhath dó.

**DÓNALL:** Is cá raibh, ar '\_\_\_\_' tú in sna *bothies* a *Feally*?

**FEARGAL:** Ó bhí *bothanna* móra acu, áiteacha fá na gcoinne, *shedanna* móra, *shed*, bhuel cineál de, tithe a bhí déanta fá choinne na hócáide go díreach. Mairim go mbeadh cochán agus rudaí istigh sa gheimhreadh acu ann is coirce agus rudaí mar sin.

**DÓNALL:** *Christ*, bhí sin garbh go leor nach raibh?

**FEARGAL:** Ó, nach cinnte go raibh.

**DÓNALL:** Caide cineál sráideog a luífeá síos ansin, creidim go mbeifeá chomh tuirseach (gáire).....

**FEARGAL:** Ó, chodlófá leat, órú, chodlófá beagán go dtí go gcaithfeá éirigh, chodlófá i ndiaidh am dinnéara i ndiaidh a theacht isteach. D'ímeodh achan duine a luí. Bhí muid ag taobh na farraige fosta. Bhí an feirm ar an taobh eile den bhealach mhór agus na cuibhrinn a raibh muid ag obair ann, trasna an bhealaigh mhóir, bhí tú, thíos ar an trá ar an taobh eile. Ba ghnách liom féin a bheith ar shiúl ag cuardú '\_\_\_\_\_', ar shiúl thart, '\_\_\_\_\_' caite isteach. (gáire)

**DÓNALL:** Bhí tusa cleachtaidh le '\_\_\_\_\_' istigh in Inis Meáin.

**FEARGAL:** Bhí, ó bhí. Thoir ar an Luinnigh.

**DÓNALL:** Agus caidé cineál páighe anois a bhéarfadh siad duit.

**FEARGAL:** Ó scilling san uair a bhí againn. Scilling san uair, sin a raibh againn. Agus. An darna bliain ansin, bhí siad ag imeacht amach síos go *Ayrshire*, ní dheachaigh mé féin síos ar scor ar bith. Bhí *Gerry* ag obair thuas i *North Berwick*, é féin agus *Eddie Hudaí Mhóir* agus fear as, fear as amach an Gleann, soir an Gleann, soir fá na Dúnaibh áit inteacht atá sé, *Glen* a bheireann siad air. Síos ansin áit inteacht a bhí. Ceathrar againn ar scor ar bith ann agus bhí muid ag taobh *aerodrome*. Cuid den fheirm a raibh muid air, bhí léir de glactha anonn acu. Bhí feirm mór an caithfidh sé, nuair a bhí sé uilig i gceann a chéile agus bhí *dairy* mór acu. Céad agus fiche bó acu *but* ní raibh muidinne, baint ar bith againne dó. Bheadh siad ina suí ar an ceathair a chlog ar maidin ag bligh an eallaigh. D'ímeodh siad na bhaile agus rachadh siad a luí ansin. Thosódh siad ar ais ar an trí, i ndiaidh am dinnéara tá mé ag déanamh. Bhí an bainne le bheith réidh ar maidin fá choinne a ghabháil isteach go *Edinburgh*. Agus ansin bhí muidinne ag gabháil don fhéar agus na rudaí seo, ag *feedáil* an eallaigh. Bhí céad, bhí, bhí thair ag, taobh thiar den *aerodrome*, bhí rud ann a raibh *dummy aerodrome* air, bhí sean *airplanes* thiar ann fá choinne iad a chur ar shiúl ón *champ do you see*. Agus ansin, bhí muid amuigh thiar ansin, ó *Jesus*, bhí teas millteanach ann, ag déanamh cocaí a bheas muid agus achan rud, ní raibh *bailers* na rud ar bith ag gabháil an t-am sin. Dhéanadh siad cruacha móra do.



**DÓNALL:** *But* bhí tusa maith ag sin a *Feally*, bhí tú cleachta leis.

**FEARGAL:** Ó, bhí.

**DÓNALL:** Níor shíl tú a dhath do.

**FEARGAL:** Bhí an obair sin, an cineál oibre sin, bhí sé. Ansin bheadh, bheadh cruacha móra déanta acu agus bhí an rud seo a dtabharfadh siad an *grabber* air, rachadh se isteach sa choca. Bhí an beithíoch, bhí *pole* déanta fá choinne, istigh i lár báire ansin, cruach mhór fada, chomh fada leis an teach seo b'fhéidir ná chóir baile air agus shiúlfadh an beithíoch chun tosaigh ansin agus bhéarfadh sé na, d'éireodh an rud seo amach in airde agus tharraingeofá isteach le rópa é agus spréadh muid, dhéanadh muid sin a spréadh bhfuil a fhios agat, bhí an mhuintir eile ag *buildáil*, na sean *choiteacha buildáil*, aye. Sin an cineál *carry on* a bhí an t-am sin ann.

**DÓNALL:** Agus an raibh áit níos fearr agat le fanacht na an mbeadh sibh ag fanacht in...?

**FEARGAL:** Ó bhí teach againn dúinn féin, teach coiteach a bhí againn.

**DÓNALL:** Teach coiteach.

**FEARGAL:** *Aye*.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Dhá sheomra ann.

**DÓNALL:** Bhí sin níos fearr ná.

**FEARGAL:** Cistinneach. Órú bhí. Bhí. Bhí *wardrobe* againn is giotaí, ní raibh muid chomh olc.

**DÓNALL:** *Jeez.*

**FEARGAL:** Ansin oíche Dhomhnaigh thíos taobh thíos de, thíos ag taobh an, taobh an *champ*, bhí, bhí áit bheag trasna an bhealaigh mhóir a raibh pictiúirí oíche Dhomhnaigh ann, ba ghnách linn a ghabháil síos ansin. Scilling a bhí sé. Cúig pingine.

**DÓNALL:** Cinema dá rud ann.

**FEARGAL:** Thiocfadh le achan duine a ghabháil isteach ann, bhí sé taobh amuigh den *champ*, mar a déarfá.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** *Aye.* Léir mór, ó chíféá léir Éireannaigh fosta. Bhí croían ansiúd as *Falcarragh*, bhí sé sa teach againn i gcónaí. D'fhágfadh sé an *bicycle* istigh sa bhothaí, d'imeodh sé. Jimí, Jimí *Mc Gowan* a bhí air. Bhí sé ina chónaí fá Ghlaschú fada go leor. Óra, muintir Chloich Cheann Fhaola a ba mhó a bhí suas an bealach sin, *North Berwick* a bhí air. Bhí muid dhá mhíle amach as *North Berwick*, bhí *bicycles* againn, rachadh muid isteach an Aifrinn Dé Domhnaigh i dtrátha an deich nó mar sin. Ansin bhí muid, ní raibh *bicycle* ar bith an chéad uair agam féin ar scor ar bith agus bhí croían beag as amach soir Machaire Rabhartaigh ná síos, níl a fhios agam c'ainm seo a bhí air (gáire), an áit a mbeadh muid ag fanacht leis an bhus (gáire), thiocfadh na hAlbanaigh amach (gáire). "Tá an t-eadra déanta acu seo fosta", a déarfadh sé.

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** "Tá an t-eadra déanta acu seo fosta"

**DÓNALL:** Ó *Jeez*.

**FEARGAL:** Ó bhuel, bhí sean bhic., fuair muid sean *bhicycle* ansin, ní raibh muid chomh olc. Rachas muid isteach oíche Shatharn, isteach ag na pictiúirí.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Ní raibh muid ag ól ná a dhath an t-am sin. (Gáire)

**DÓNALL:** C'úair a d'ól tú an chéad bhraon in do shaol?

**FEARGAL:** Ó, thuas i *mBerwickshire*, thuas ar na *Borders*, thuas ag baile a raibh *Coalstream* air, *Colstrum* a bhéarfadh na seanbhoic air.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Mé féin agus *Patrick Ned*. Ó bhí muid ag obair in feirm mór ansin, bhí, bhí chóir a bheith míle acra ann, corr is naoi gcéad acra ann.

**DÓNALL:** *Jesus*, bheadh léir fir ag obair ansin.

**FEARGAL:** Bhí. Bhí deichniúr againne, d'Éireannaigh féin ann. Agus bhí cúpla *prisoners of war* ann mar a deir siad. Bhí *camp* mór thíos ag taobh an bhaile a rachas muid isteach ann, fá na gcoinne, na *prisoners of wars* agus ó *Jesus*, bheadh, bhí fómhair millteanach ann, shapógaí mar a déarfá, ní raibh deireadh ar bith ar na sapógaí. Agus ansin, bhí *combine harvester* acu. Seo thuas i *mBerwickshire*.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Seo nuair a bhí mé ag caint ar an chéad *phub*, ba ghnách liom féin agus *Patrick Ned* a ghabháil isteach, teach na pictiúirí go mbeadh sé, dhruideadh na *pubs*

ansin ar an naoi a chlog, an t-am sin, thuas ansin, *Berwickshire* agus thioctadh muidinne amach, sa deireadh d'imeodh, rachadh muid isteach le, isteach na *phub* ar scor ar bith, sin an áit an chéad, d'ól mé cúpla buidéal leanna oíche Shatharn go díreach, d'imeothas [d'imíodh muid] na bhaile ansin is bheadh muid ansin go dtí Dé Domhnaigh. Bhí baile, ní raibh teach an phobail ar bith ann *but* bhí, bhí an *townhall* acu fá choinne an tAifreann go díreach, thioctadh an sagart aniar as áit a raibh *Kalsie [Kelso]* air, *Kalsie* a bhéarfadh na seanbhoic air, *Kelso* an t-ainm ceart a bhí air. Ó bhí se lán Éireannaigh thart an t-am sin. Bhi croían ansin amach anuas as, as Dún Lúiche é, croían a raibh *Joe, Joe Roarty* air, tá mé ag déanamh go bhfuil se ag *knockáil* thart go fóill, mhothaigh mé *Paidí Gallagher* ag caint air, bliain amháin a bhí muid in aghaidh leis agus eisean a bheadh ag friotháil an Aifrinn, *Joe*. Bhí sé, bhí sé ina, bhí sé ina máistir scoile *but* ní raibh se ábalta a dhath, áit, áit ar bith a fháil anseo nuair a chuaigh sé anonn, bhí sé ag obair istigh in *office* a bhí ansin. Bhí, mairim gur fríd an *agriculture* a bhí sé, daoine a bhí ag *supplyáil tractors* agus rudaí, ag *hireáil* amach....

**DÓNALL:** ....Sin an dóigh a bhfuair sé....

**FEARGAL:** .... ag díol. Sin an dóigh a bhfuair sé an jab.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm.*

**FEARGAL:** *So* bhí sé ag gabháil le bean ansin fada go leor agus d'imigh sé anall agus níor scríobh se ní ba mhó chuichi tá mé ag déanamh (gáire). Bhí fear ag obair ina gcuideachta, ní as an bhaile, *cycláil* sé aníos, bheadh achan mionn mór aige air. (Gáire)

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** `\_\_\_\_` sé air.

\*\*\*\*\*

**DÓNALL:** Inis seo domh, an raibh, raibh an sagart, chaithfeá léir teagasc Críosta a fhoghlaim san am sin, nach gcaithfeadh?

**FEARGAL:** Chaithfeadh. Ó chaithfeadh, *aye*.

**DÓNALL:** Sula, sula rachfá.

**FEARGAL:** Eoghain Coyle a bhí thoir againne. Bhí muidinne thíos ag Eoghain an t-am sin.

**DÓNALL:** Bhí sé cruá, an raibh, go leor?

**FEARGAL:** Ó bhí sé cruá go leor agus bhí léir bea..., anuas as Croithlí é, léir béarla aige. Déarfadh sé "*the ecclesiastical inspector is coming soon, you'll need to get your catechism in*". Bheas muid ag foghlaim ansin, b'fhéidir uair achan lá.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Agus mura raibh teagasc Críosta agat, ní, ní *phassálófá* an *test* ar chóir ar bith.

**DÓNALL:** *No*.

**FEARGAL:** Chaithfeadh siad bliain eile a dhéanamh.

**DÓNALL:** *So*, an dtiocfadh an sagart amach ansin leis na ceisteanna seo a chur ort *like*, an dtiocfadh sé amach?

**FEARGAL:** Ó, thiocfadh sé amach sa scoil.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Bhfuil a fhios agat *Father Boyle* bhí anseo?

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Bhí ag *smasháil* na gcarranna tá traidhfil blianta ó shin.

**DÓNALL:** *So* thiocfadh sé...

**FEARGAL:** Thiocfadh seisean, eisean a bhí ina....

**DÓNALL:** ....Sea.

**FEARGAL:** Ann san am sin.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Sea, *Father Boyle*. *Aye*. Go bhfeicfeadh sé caidé, raibh tú ábalta do chuid teagsac Críosta a bheith agat. Ó, *Jesus*, bhí siad iontach *particularáilte* an t-am sin. Bhí.

**DÓNALL:** An bhfuil cuimhne agatsa, anois nuair atá muid ag caint ar seo, bhfuil cuimhne agatsa ar tórraíocha [tórraimh] ag teacht anoir ar, ar bheithíoch is ar charr, an bhfuil cuimhne agat ar a leithéid sin?

**FEARGAL:** Cé?

**DÓNALL:** Torraíocha, an bhfuil a fhios agat an dóigh ar ghnách leo fada ó shin?

**FEARGAL:** Ó tá cuimhne agam air, bhí cuimhne ar chúpla ceann ar scor ar bith ag teacht anoir, mura rud, a dhath ar an chlár ach an, ar an, ar an charr ach b'fhéidir mar a deir siad leis an *bhody* go díreach. Ní raibh clár ná dhath ar bith air.

**DÓNALL:** Sea. Is an chonair istigh.

**FEARGAL:** An chonair ina shuí istigh agus í ceangailte le rud inteacht agus an carr ina shuí ar a taobh go díreach. Ó tá cuimhne agam é a fheiceáil, *aye*. Go leor acu.

**DÓNALL:** *Passáil* na scoile, tá cuimhne agat ar sin?

**FEARGAL:** Ó sea, is Dé Sathairn nuair a bheas muid amuigh sa bhaile.

**DÓNALL:** Sea.

**FEARGAL:** Sheasfadh muid, bheas muid thuas ar an chlaí ag amharc orthu ag gabháil siar (gáire).

**DÓNALL:** (Gáire)

**FEARGAL:** Ansin mhothófá iad ag gabháil soir, dá n-amharcadh muid, bhuel, bheadh na tithe leanna druidte an t-am sin ar an deich a chlog ná b'fhéidir níos luaithe. Mhothófá iad ag gabháil soir agus iad ag troid fríofa féin is ag argail. Callán millteanach acu. (Gáire)

**DÓNALL:** (Gáire). Braon sa ghrágán acu.

**FEARGAL:** Bheadh, ó bheadh agus oíche, lá roimhe ré ní [ar ndóigh] fosta bheadh traidhfil acu ar an bhealach. Argail is ag troid fríofa féin.

\*\*\*\*\*